C/2026/5032

30.9.2026

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.12269 — AKZONOBEL / AXALTA)

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2026/5032)

1. An 17 Meán Fómhair 2026 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Akzo Nobel N.V. ('AkzoNobel', an Ísiltír),

— Axalta Coating Systems Ltd. ('Axalta', Stáit Aontaithe Mheiriceá).

Déanfaidh AkzoNobel cumasc iomlán, de réir bhrí Airteagal 3(1)(a) den Rialachán um Chumaisc, le Axalta.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin conartha nó aon mhodh eile.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is grúpa ilnáisiúnta Ísiltíreach é AkzoNobel a mhonaraíonn agus a dhíolann péinteanna agus bratuithe le haghaidh úsáid tomhaltóirí agus thionsclaíoch, agus tá sé gníomhach i mbreis agus 150 tír,

— Déanann Axalta, a bhfuil a cheanncheathrú i Stáit Aontaithe Mheiriceá, córais agus táirgí bratuithe ardfheidhmíochta a mhonarú, a mhargú agus a dháileadh agus tá sé gníomhach i mbreis agus 140 tír.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an gcomhchruinniú atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.12269 — AKZONOBEL / AXALTA

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').